

Cuir Gaeilge air seo:

1. an múinteoir, obair an mhúinteora, na múinteoirí, obair na múinteoirí
 an dochtúir, obair an dochtúra, na dochtúirí, obair na ndochtúirí
 an feirmeoir, iníon an fheirmeora, na feirmeoirí, iníonacha na bhfeirmeoirí
 ar feadh na bliana, ar feadh na mblianta
2. Tá sí aon bhliain dhéag d'aois.
3. Beidh sé dhá bhliain dhéag d'aois an bhliain seo chugainn.
4. Nuair a bheidh sé ocht mbliana dhéag, beidh sé ina fheirmeoir.

Athdhéanamh —

Cuir Gaeilge air seo:

1. Bím ar scoil gach lá.
2. Ní bhíonn mo chóta mór orm sa samhradh.
3. Tar anseo, a Mháire. Tagaigí anseo, a chailíní.
4. Téigh amach, a Thomáis. Téigí amach, a bhuachaillí.
5. Suigh in aice na tine, a Úna. (*ceacht 50*)
6. Ná seasaigí in aice na fuinneoige, a pháistí.
7. Faigh do leabhar, a Shéamuis, agus déan do cheachtanna.
8. Faighigí bhur leabhair, a bhuachaillí, agus déanaigí bhur gceachtanna.
9. Cad a bhí sé ag déanamh anseo aréir?
10. D'éirigh mé an mhaidin seo ar leathuair tar éis a seacht.
11. An bhfaca tú an bhó dhubh?
12. An bhfaighidh tú na horáistí sa siopa?
13. An bhfuil an rothar deisithe agat? (*ceachtanna 3, 19*)
14. Bhí an Luan fliuch, ach bhí an Mháirt go breá.
15. Rachaimid ann Dé Domhnaigh.
16. Bhí madra an mhúinteora ina lúí i lár na faiche.
17. D'fhiafraigh sé díom cá raibh mé aréir.
18. D'iarr an tseanbhean bhocht orm pingin a thabhairt di. (*ceacht 32*)
19. Dúirt m'athair liom gan an focal sin a rá. (*ceacht 41*)
20. Dá mbeadh cúig phunt déag agam, cheannóinn rothar.
21. Bhí tinneas ar mo dheirfiúr bheag. Dúirt mo mháthair go gcuirfeadh sí fios ar an dochtúir. (*ceacht 38*)
22. Nuair a thainig an dochtúir, bhí mála beag dubh ina láimh aige.
23. An tusa Seán? Ní hea; Is mise Séamus.
24. Is é Tomás an buachaill is airde sa rang.
25. Cé acu is óige — tusa nó do dheartháir?
26. An é sin do leabhar? Ní hé; is é leabhar an pháiste é.
27. An ndeir tú liom gur tú a rinne é? (*ceachtanna 40, 42*)
28. Nuair a bhí siad ina mbuachaillí, théidís cois farraige (*or cois na farraige*) sa samhradh. (*ceacht 45*)
29. Deir Tomás go mbeidh sé ina shaighdiúir nuair a bheidh sé mór.